CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 172/2019

an 14 Meitheamh 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn XIX (Cosaint tomhaltóirí) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2164]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2017/2394 aisghairtear, le héifeacht ón 17 Eanáir 2020, Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE le héifeacht ón 17 Eanáir 2020.

(3) Tá an sprioc chomhchoiteann ag na Páirtithe Conarthacha ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú, mar aon leis an tuiscint nach gciallaíonn ionchorprú Rialachán (AE) 2017/2394 i gComhaontú LEE athruithe ar an sainmhíniú ar 'sárú forleathan lena mbaineann gné Aontais'. Dá thoradh sin, na tairseacha lena chinneadh an bhfuil gné Aontais ag baint le sárú, ní dhéanfar iad a ríomh ach ar bhonn na mBallstát lena mbaineann an sárú, agus ar an mbonn sin amháin, gan Stáit CSTE á gcur san áireamh.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 7f (Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Comhaontú LEE, le héifeacht ón 17 Eanáir 2020:

'**32017 R 2394**: Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, ní chuirfear críocha agus daonraí Stáit CSTE san áireamh chun críocha Airteagal 3(4).

(b) In Airteagal 10(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'cearta bunúsacha' a léifear in ionad na bhfocal 'prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh'.

(c) In Airteagal 35(1):

(i) cuirfear na focail ', Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'oifigí idirchaidrimh aonair';

(ii) cuirfear an abairt seo a leanas isteach: 'Beidh rochtain ag Údarás Faireacháin CSTE ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn Stáit CSTE nó a bhaineann leo."

([1]) IO L 345, 27.12.2017, lch. 1.
([2]) IO L 364, 9.12.2004, lch. 1.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2017/2394 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.